# An Ród Seo Romhainn

Liam: Haigh, a Niamh. Is breá liom thú a fheiceáil arís, fiú más ar an zúm féin atáimid.

Niamh: Cinnte, a Liam. Bhí mé ag tnúth le cloisteáil uait. Um Nollaig a bhíomar ag caint an uair dheiridh, is dóigh liom. Lean mé den traenáil ar feadh an earraigh go léir. An comhrá a bhí againn um Nollaig a choinníonn sa siúl mé cé nach ag siúl a bhím, ná baol air.

L: Mar a dúirt mé is é atá mar sprioc agam féin singléad glas na hÉireann a chaitheamh ag Cluichí Oilimpeacha 2028 in Los Angeles agus bonn a bhuachan sa mharatón. Beidh mé i mbarr mo mhaitheasa faoin am sin don rith fadraoin. Mar a bheidh tú féin.

N: Braithim go bhfuil neart ionam cheana féin agus tá sé beartaithe agam scor den mharatón agus den rith trastíre agus díriú ar an rás deich míle méadar. Níl aon easpa misnigh orm anois.

L: Níor chaill fear an mhisnigh riamh.

N: Bean an mhisnigh, a Liam, nach bhfuil ‘fhios agat!

L: Tá ár n-aistear socraithe againn mar sin ach is fada an bóthar é agus beidh castaí ann.

N: Chomh siúráilte agus atá cros ar asal. N’fheadar, a Liam, an ndúirt mé leat go raibh sé de phribhléid agam bualadh le Jerry Kiernan tamall sular imigh sé ar shlí na fírinne?

L: Ní dúirt ach chuir a bhás brón an domhain orm. Déarfainn gurbh é an cóitseálaí reatha is fearr dá raibh riamh againn in Éirinn.

N: Bhuel, d’fhiafraigh sé díom cad é an sprioc lúthchleasaíochta a bhí agam agus dúirt sé go bhféadfainn dul i dteagmháil leis am ar bith dá mbeinn ag iarraidh comhairle.

L: Ní dhéanfar dearmad air go deo. Cogar anois, a Niamh, an bhfuil tú ag smaoineamh ar dhul go Páras chuig na Cluichí Oilimpeacha in 2024? Dá bhféadfaimis cáiliú bheadh sin go deas.

N: Bheadh cinnte, ach ar chuala tú go bhfuiltear ag moladh do dhaoine taisteal ar an traein seachas in eitleán? Is é 2021 Bliain Eorpach an Iarnróid. Caithfimid dul i dtaithí ar an traein as seo amach!

L: D’fhéadfaimis dul go Páras ar an traein agus ar an mbád farantóireachta ceart go leor. Ach cad faoi Los Angeles? Thógfadh sé tamall dul ann ar muir agus ar an iarnród.

N: Is fada uainn é sin go fóill, a Liam. Conas atá an traenáil ag dul ar aghaidh do na babhtaí ceannais náisiúnta? Bhí bliain an-mhaith agat anuraidh.

L: Bhí agus tá súil agam dul céim níos faide i mbliana agus an bonn óir a bhaint amach. Agus cad fút féin?

N: Mar a dúirt mé, beidh mé ag díriú ar an rás deich míle méadar as seo amach. Ní bheinn ag súil le mórán i mbliana tar éis dom athrú. De réir a chéile a thógtar na caisleáin.

L: Is ea. Feicfidh mé thú i Seantrabh mar sin.

N: Agus ólfaimid cupa caife trádála córa!